AMÁRAĊ

3d

Guṫ na Gaeltaċta

Foillsiṫe gaċ Diardaoin.
Nuaċtan seaċtainiúl na Gaeltaċta.
Ábar fógraíoċta agus eagarṫóireaċta ċuig:— AMÁRAĊ, Ceanannus Mór.

Iml. 11. Uiṁ. 30. 3ú Meán Fómair, 1965.

Eagarḟocal. 3-9-1965.

Éagóir Tuarásoraċta

Táimid istiġ i meán Fómhair agus ag tarraċ ar deire séasúr eile turasóraċta. Ar ndóiġe raċaiḋ an séasúr ar aġaiḋ go cionn míosa nó níos faide in áiteaċa mar le rá cois farraige agus déanfar iarraċt lena síniú giota eile ins na catraċa agus i mbaile Áṫa Cliaṫ le féilte agus fleaḋanna. Tá mórán den buíoċas don síneaḋ seo ag dul do Ḃord Fáilte agus ar ndó' tá ár gcuid airgid uilig ag íoc asta, aċ táimid sásta nuair atá sé le leas na tíre.

Aċ ins an Ġaeltaċt tá an séasúr tart ag deire Lúnasa. Déantar na fírinne tá séasúr turasóraċta na Gaeltaċta bunaiṫe ar na Coláistí Gaeilge agus ar luċt saoire na hAlban agus Sasana a ṫig de gnáṫ in Iúl agus Lúnasa. Ṫáinig luċt na hAlban agus Sasana ar tús cionnus go raiḃ ceangal acu leis an áit. Go ndeaċaiḋ a n-aiṫreaċa nó maiṫreaċa anonn mar imirceoirí agus gur ṡocair siad ṫall. Aċ le himeaċt ama scab siad scéala fá'n saoir maiṫ saor sláintiúl a ḃí le fáil i nDún na nGall ṫiar agus níor ḃfada gur lean a gcairde agus a luċt aiṫeantais iad sa gcaoi go mbíonn slua mór daoine ag teaċt le blianta anois naċ ḃfuil ceangal fola ar biṫ acu leis na ceantraċa Gaeltaċta.

Rud amháin cinnte naċ raḃ rud ar biṫ ag Ḃord Fáilte le déanaṁ le seo. Ní sé an fírinne lom searḃ naċ dtug Ḃord Fáilte ariaṁ cabair ar biṫ do turasóraċt sa Ġaeltaċt le poiblíú nó fordaint aiseanna nó cabair ċun turasóirí a ṁeallaḋ 'un na Gaeltaċta nó caiṫeaṁ aimsire a ṡoláṫar dóiḃ ann.

Le roinnt blianta anois tá brú agus poiblí mór á déanaṁ ar scéim tiṫe aíoċta príoṁáideaċ Ḃord Fáilte. Tá ag éirí leis an scéim ṫar na beartaiḃ agus uiṁir na dtiṫe agus uiṁir na gcuairteoirí ag méadú go mór sa gcaoi go ḃfuil na tiṫe aíoċta príoṁáideaċ seo ina gcuid ṫaḃaċtaiġ den tionscaoil turasóraċta náisiúnta anois. Aċ níl aon traċt ag Ḃord Fáilte ar cé'n áit a ḃfuair siad an smaoineaṁ ar tús. Ba ó Ṁuintir na Gaeltaċta a ṫáinig an smaoineaṁ ar tús nuair a d'iarr siad ar Ḃord Fáilte aguisín a ċur leis an leabar oifigiúl tiṫe ósta ina mbeaḋ tiṫe loistín príoṁáideaċ na Gaeltaċta ina ḃféadfaḋ Gaeilgeoirí loistín a fáil. Diúltaiġ Ḃord Fáilte den iarratas.

Déanta na fírinne tá an scéal ċoṁ holc agus go ḃfuil sé na scéal naċ mbacann Ḃord Fáilte ar freagra ar biṫ a ṫabairt ar litir má ḃíonn ainm an scríoḃnóra as Gaeilge. Cibé ar biṫ tá an scéal olc go maiṫ sa méid naċ ḃfuil cabair ar biṫ á ṫabairt ag Ḃord Fáilte do turasóraċt sa Ġaeltaċt, nó fiú aṁáin fordaint á déanaṁ ar aiseanna sa Ġaeltaċt mar ṫarraċ do turasóirí. Agus is ins an Ġaeltaċt atá na h-áilneaċtaí nadúra is tarrantaí sa tír ar fad gan traċt ar mór ṫaitneaṁ saol agus saoiṫiúlaċt éagsúla do cuairteoirí. Tá lúb ar lár in áit éigin agus ní miste a réiteaċ nó is aingeaḋ poiblí atá ag cotú Ḃord Fáilte.

Cinn Urraiḋ Roinn na Gaeltaċta in Árainn

Fáilte mór roiṁ Pádraig Ó Faċtna agus Liam Toibín

Iarratais Árann molta go láidir

Ḃí fáilte ar leiṫ do Pádraig Ó Faċtna, T.D., Rúnaí Pairliminte don Gaeltaċta agus Rúnaí na Roinn —Liam Toibín nuair a ṫig siad cuairt ar Coláiste Cróna le linn cúrsa Lúnasa a ḃeiṫ ar siúl.

Ċuaiġ lán trí ḃád de scoláirí amaċ go hAilt an Ċorrain ina n-airricis agus tionlac siad isteaċ iad mar garda onóra.

Ḃí cruinniṫe speisialta de Ṁuintir na Gaeltaċta inar cuireaḋ riaċtanaisí Árann os coṁair an Rúnaí Pairliminte ⁊ Rúnaí na Roinne agus labair ionadaiṫe pobal Árann faoi.

Taréis an cruinniṫe ḃí na cuairteoirí agus baill an Ċoiste agus múinteoirí na coláiste mar aíonna ag Coláiste Cróna agus AMÁRAĊ ag tae in Óstán an Ġleanna.

Ar na rudaí a d'iarr ionadaiṫe Árann tugaḋ an ċéad áit don Córas Uisce Poiblí a ḃeiṫ réiḋ roiṁ an saṁraḋ seo ċugainn agus ar na rudaí eile ḃí, síniú céiḋ Tráiġ a' Ċaisil, casan coise agus ardán siúil ag trá na Léibe Gairbe, banaltra don oileán, feaḃsú aiseanna turasóraċta, tarráil na mbealtaí móra, bóṫar ċuig céiḋ Aṫport agus mórán rudaí eile.

Aċ dúirt cainteoir indiaiḋ cainteora eile gurḃ é an príoṁ rud a ḃí ag teastáil agus an slat toṁais a measfaí a saoṫar Roinn na Gaeltaċta leis ná cé méad daoine in Árainn a ġeoḃaḋ Saoṫrú Seasta sa dóiġ a dtiocfaḋ leo pósaḋ agus socrú síos sa ḃaile.

Ḃí na báḋaí maisiṫe agus an Ḃrataċ Náisiúnta ar foluṁan orṫa ag dul amaċ daofa in airicis na gcuairteoirí agus nuair a ṡroiċ siad Ailt an Ċorrain ċuir Peadar Ó Ceallaiġ, Uaċtarán Ṁuintir na Gaeltaċta roiṁ Pádraig Ó Faċtna, T.D., Rúnaí Pairliminte Aire na Gaeltaċta agus Liam Toibín, Rúnaí Roinn na Gaeltaċta. Ina gcuideaċta ḃí Séamas Ó Raġallaiġ, Stiúrtóir Gaeltaċt Uladh, Cormac Ó Breisleáin, T.D., Leas Ceann Coṁairle agus ḃí leiṫscéal ó Pádraig Ó Domhnaill, T.D., naċ dtiocfaḋ leis teaċt.

Ṡeol na trí ḃáḋaí go státúil ṫar nais go hÁrainn agus na scoláirí sna báḋaí tionlacan ag ceol aṁráin náisiúnta.

Timpeall an Oileáin

Tar éis teaċt i dtír tugaḋ Uaċtarán na Roinne ar turas timpeall an oileáin, siar go barr Aṫport, síos frío an Ulinn go Teaċ an Pobail, suas Gort Gearra agus ṫart an Bealaċ Uaċtair, amaċ go Teaċ an tSolais agus isteaċ frío Screag a' tSeabaic agus isteaċ frío Poll a' Ṁadaiḋ, áit a ḃfaca siad an droċ dóiġ a ḃí ar bealtaí an oileáin agus taisbeanaḋ daofa na riaċtanaisí eile.

Ionad agus Alltaċt

Ag cruinniú Coláiste Cróna san halla ṁol Domhnall Mac Flannċaiḋ (Baile Áṫa Cliaṫ) rún fáilte roiṁ an Uasal Ó Faċtna ⁊ an Uasal Toibín agus d'aċaing sé go speisialta orṫa féaċaint le obair a ċur ar fáil do pobal óg Árann. Ag taḃrú leis an rún dúirt Áine Nic Giolla Cearra (Ceanannus Mór) go raiḃ iontas agus alltaċt orṫa a feiceáil, taréis daċad bliain de rialtas dúċais naċ raiḃ obair le fáil sa baile ag pobal na Gaeltaċta fós.

Ar na daoine eile a labair ḃí Máire Nic Suibne, O.S., agus Cormac Ó Breisleáin, T.D.

Obair sa Ḃaile

Ag 7.30 ḃí cruinniú de Ṁuintir na Gaeltaċta agus cuireaḋ go cruinn beaċt na rudaí a ḃí ag teastáil ó pobal Árann, os coṁair luċt na Roinne.

"Obair sa baile in Árainn an príoṁ rud a ḃí de ḋíṫ," adúirt Caṫaoirleaċ an cruinniṫe, Peadar Ó Ceallaiġ. "agus ba é seo an slat toṁais a measfaí obair na Roinne leis."

I gcionn bliana beaḋ siad ag cuntas cé méad den taos óg a raḃ obair seasta acu agus iad ábalta pósaḋ agus socrú síos in Árainn.

Páiġ na Seaċtaine

"Sé an rud is mó atá muidne ag iarraiḋ," arsa Aoḋ Ó Gallċobair, Caṫaoirleaċ an Coiste Forbarṫa, "ná go dtiocfaḋ linn páiġ na seaċtaine a ṫógáil in Árainn mar ṫig linn in Albain nó i Sasain. (Bualaḋ bos).

Arís agus arís taréis a ḃeiṫ caint ar pointí eile tarraing ionadaiṫe na Gaeltaċta isteaċ an príoṁ riaċtanas seo — obair seasta.

Trá a' Ċaisil

Dúirt Míċeál Ó Gallċobair, Tráiġ a' Ċaisil, gur ċeart an céiḋ ansin a ṡíneaḋ amaċ cúig na carraigeaċa, rud a d'fágfaḋ feistiú sábailte ag daċad bád agus a ċuirfeaḋ ar ċumas na mbáḋaí teaċt isteaċ agus dul amaċ cuma caidé mar beaḋ an lánmara. Dúirt an caṫaoirleaċ gur rud seo naċ mbeaḋ barraoiċt ar biṫ costais leis agus a

(Ar lean. ar leat. 2)

Ag cruinniú sa Ċoláiste

Pádraig Ó Faċtna, T.D., Rúnaí Pairliminte; Peadar Ó Ceallaiġ, Uaċtarán Coláiste Cróna, Liam Toibín, Rúnaí na Roinne ar an ardán le múinteoirí na Coláiste.

Ag dul isteaċ i ngluaisteán le haġaiḋ turas timpeall an oileáin.

Ag coṁra ar an ḃád isteaċ

Peadar Ó Ceallaiġ, Pádraig Ó Faċtna agus Cormac Ó Breisleáin.